



Suí iomlánach

A9-0064/2024

28.2.2024

TUARASCÁIL

maidir le togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena mbunaítear córas Cánach Ceannoifige le haghaidh micrifhiontar, fontair bheaga agus mheánmhéide, agus lena leasaítear Treoir 2011/16/AE (COM(2023)0528 – C9-0340/2023 – 2023/0320(CNS))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Lídia Pereira

Eochair do na siombailí a úsáidtear

- * An nós imeachta comhairliúcháin
- *** Nós imeachta an toilithe
- ***I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- ***II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- ***III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann agus go bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **■** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus ar athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	5
RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN	44
IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR	45
AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH	46
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH.....	47

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena mbunaítear córas Cánach Ceannoifige le haghaidh micrifhiontar, fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus lena leasaítear Treoir 2011/16/AE
(COM(2023)0528 – C9-0340/2023 – 2023/0320(CNS))

(An nós imeachta reachtach speisialta – comhairliúchán)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2023)0528),
 - ag féachaint d’Airteagal 115 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C9-0340/2023),
 - ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Parlaimint na Sualainne, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,
 - ag féachaint do Riail 82 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0064/2024),
1. ag formheas an togra ón gCoimisiún arna leasú;
 2. á iarraidh ar an gCoimisiún a thogra a athrú dá réir, i gcomhréir le hAirteagal 293(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;
 3. á iarraidh ar an gComhairle a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs atá formheasta ag an bParlaimint;
 4. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa arís má tá sé ar intinn aici an togra ón gCoimisiún a leasú go substaintiúil;
 5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh Treorach Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(1) Níl aon chur chuige coiteann san Aontas faoi láthair maidir le ríomh an bhoinn cánach do ghnólachtaí. Tá gnólachtaí an Aontais faoi oibleagáid, dá bhí sin, rialacha na gcóras cánach corparáide éagsúil a chomhlíonadh, ag brath ar an mBallstát ina n-oibríonn siad.

Leasú 2

Togra le haghaidh Treorach Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(2) Mar gheall ar chómhaireachtáil agus idirghníomhú 27 gcóras cánach ioncaim corparáide éagsúla san Aontas, tá castacht ann maidir le **comhlíonadh** cánach agus **ní bhíonn cothroime iomaíochta** ann do na gnólachtaí. Tá tionchar **níos airde** aige sin ar FBManna **ná cáiniocóirí móra** agus tá sé ag éirí níos soiléire toisc go bhfuil an tuiscint ar theorainneacha agus **samhaltacha** gnó athraithe go mór ag an domhandú agus digitíú an gheilleagair. **Freagairt ilroinnte ó na Ballstáit atá ann de thoradh na n-iarrachtaí atá déanta ag rialtais chun oiriúnú don réaltacht nua seo, rud as a n-eascaíonn tuilleadh saofa sa mhargadh inmheánach.** Thairis sin, tá

Leasú

(1) Níl aon chur chuige coiteann san Aontas faoi láthair maidir le ríomh an bhoinn cánach do ghnólachtaí **nuair a oibrítear thar theorainneacha**. Tá gnólachtaí an Aontais faoi oibleagáid, dá bhí sin, rialacha na gcóras cánach corparáide éagsúil a chomhlíonadh, ag brath ar an mBallstát ina n-oibríonn siad, **agus is constaic í sin le haghaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus rochtain á déanamh acu ar an margadh inmheánach. Tá costais shuntasacha chomhlíontachta le híoc ag gnólachtaí an Aontais, go háirithe FBManna, a bhaineann le cánachas, toisc nach ann do réiteach chun a mbonn cánach a ríomh.**

Leasú

(2) Mar gheall ar chómhaireachtáil agus idirghníomhú 27 gcóras cánach ioncaim corparáide éagsúla san Aontas, tá castacht ann maidir le **costais comhlíonta** cánach agus **bíonn iomaíocht** ann do na gnólachtaí **a d'fhéadfai difear diúltach a dhéanamh d'infheistíochtaí trasteorann, rud a chuirfeadh bac ar fhorbairt an mhargaidh inmheánaigh i gcomparáid le tríú tíortha**. Tá tionchar **suntasach** aige sin ar FBManna agus tá sé ag éirí níos soiléire toisc go bhfuil an tuiscint ar theorainneacha agus **samhlacha** gnó athraithe go mór ag an domhandú agus digitíú an gheilleagair, **go háirithe forbairt bhreise an mhargaidh inmheánaigh, lena**

cleachtas éagsúla i measc na n-údarás fíoscach ar fud na mBallstát ann de bharr na gcreataí dlíthiúla éagsúla. Is gnách go mbíonn nósanna imeachta fadálacha ag baint leis sin agus is minic a bhíonn dothuarthacht agus neamhréir ann in éineacht le costais chomhlíontachta arda.

gceanglaítear go nglacfar tuilleadh beart. Thairis sin, tá cleachtas éagsúla i measc na n-údarás fíoscach ar fud na mBallstát ann de bharr na gcreataí dlíthiúla éagsúla. Is gnách go mbíonn nósanna imeachta fadálacha ag baint leis sin agus is minic a bhíonn dothuarthacht agus neamhréir ann in éineacht le costais chomhlíontachta arda, ***rud a dhéanann difear mór do FBManna, agus a dhíspreagann iad ó infheistiú i níos mó ná Ballstát amháin. Tá gá le hiontaoibh fhrithpháirteach agus meon macánta i measc na mBallstát chun comhar i leith cinntí cánach a bhaint amach agus chun an margadh inmheánach a chur i gcích, a fheabhsú agus a fhorbairt tuilleadh.***

Leasú 3

Togra le haghaidh Treorach Aithris 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2a) Is ionann na 24 mhiliún FBManna arna mbunú san Aontas agus dhá thrian de phoist na hearnála príobháidí agus 99 % de na gnólachtaí go léir san Aontas, agus is iad cnámh droma gheilleagar an Aontais iad. Tá sé bunriachtanach, dá bhrí sin, tacú le micrifhiontair agus le FBManna chun cruthú poist a chur chun cinn, fás a fheabhsú, iomaíocht chóir agus thrédhearcach a spreagadh, tacú leis an iomaíochas agus infheistíochtaí a mhealladh. Leanann constaicí reachtacha nó ualach riaracháin de bheith mar phríomhdhúshlán do FBManna an Aontais.

Leasú 4

Togra le haghaidh Treorach Aithris 2 b (nua)

(2b) Caitheann FBManna thart ar 2.5 % dá láimhdeachas ar chostais chomhlíontachta a bhaineann le hoibleagáidí cánacha. Tá cás na bhfiontar an-bheag thar a bheith tromchúiseach, ós rud é gurb ionann a gcostais chomhlíontachta a bhaineann le cánacha corparáide agus 90 % den EUR 54 bhilliún i gcostais chomhlíontachta a mheastar a bheith ag gnólachtaí an Aontais in aghaidh na bliana. Le ríomh na dtorthaí inchánacha bunaithe ar rialacha an Bhallstáit ina bhfuil an cheannoifig (ceanncheathrú an FBM) lonnaithe chun críoch cánach, ba cheart go laghdófaí go suntasach an costas comhlíontachta cánach agus ba cheart acmhainní airgeadais saor in aisce a bheith ar fáil chun ligean do FBManna infheistiú a dhéanamh.

Leasú 5

Togra le haghaidh Treorach Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(3) Mar gheall ar an réimse bealaí atá ann chun gnó a dhéanamh sa mhargadh inmheánach, éilítear réitigh éagsúla le haghaidh gnólachtaí éagsúla a mhéid a bhaineann le dul i ngleic leis na dúshláin atá ann faoi láthair mar gheall ar a gcuid oibríochtaí trasteorann. Maidir le gnólachtaí beaga **nach bhfuil ina gcuid de ghrúpa**, bíonn sé níos deacra dóibhsean a bheith ag leathnú thar theorainneacha ná a bhíonn i gcás na ngnólachtaí móra. Bíonn go leor oibre i gceist do na gnólachtaí beaga sin, dá réir sin, nósanna imeachta casta agus costais chomhlíontachta arda a láimhseáil. Is léir, dá bhrí sin, go bhfuil réiteach ag teastáil ó mhicrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, **ar** chéimeanna tosaigh an leathnaithe, amhail

Leasú

(3) Mar gheall ar an réimse bealaí atá ann chun gnó a dhéanamh sa mhargadh inmheánach, éilítear réitigh éagsúla le haghaidh gnólachtaí éagsúla a mhéid a bhaineann le dul i ngleic leis na dúshláin atá ann faoi láthair mar gheall ar a gcuid oibríochtaí trasteorann. Maidir le gnólachtaí beaga, bíonn sé níos deacra dóibhsean a bheith ag leathnú thar theorainneacha ná a bhíonn i gcás na ngnólachtaí móra. Bíonn go leor oibre i gceist do na gnólachtaí beaga sin, dá réir sin, **chun** nósanna imeachta casta agus costais chomhlíontachta arda, **chomh maith leis an éiginnteacht a bhaineann lena sócmhainní féin a infheistiú i margadh anaitníd**, a láimhseáil. Is léir, dá bhrí sin, go bhfuil réiteach ag teastáil ó

sásra simplithe le haghaidh ríomh a dtoraidh *inchánach* i gcás ina n-oibríonn siad thar an teorainn trí bhíthin buanbhunaíochtaí go heisiach.

mhicrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, *ag* chéimeanna tosaigh an leathnaithe, amhail sásra simplithe le haghaidh ríomh a dtoraidh *inchánaigh* i gcás ina n-oibríonn siad thar an teorainn trí bhíthin buanbhunaíochtaí go heisiach *nó 2 fhochuideachta ar a mhéad. Tá trédhearcacht fíor-riachtanach maidir le dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.*

Leasú 6

Togra le haghaidh Treorach Aithris 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3a) Is príomhthosaíocht pholaitiúil é an comhrac in aghaidh na calaoise, na himghabhála cánach agus na seachanta cánach, toisc nach féidir glacadh le cleachtais dianphleanála cánach ó thaobh shláine an mhargaidh inmheánaigh agus an cheartais shóisialta de.

Leasú 7

Togra le haghaidh Treorach Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(4) Chun an éiginnteacht sin maidir le cáin a leigheas, chomh maith leis an deacracht a bhaineann le comhlíonadh na rialacha a bhaineann le córas cánach anaithnid i gcás ina n-oibrítear i mBallstát amháin eile nó níos mó (ar ceann de na príomhfachtóirí é a chuireann bac ar FBManna a bheith ag leathnú ar an gcoigríoch), ba cheart toradh inchánach buanbhunaíochtaí a ríomh ar bhonn rialacha an Bhallstáit ina bhfuil an Cheannoifig (ceanncheathrú FBM) ina cónaí chun críoch cánach. Ciallaíonn sé sin freisin go mbeadh feidhm fós ag na

(4) Chun an éiginnteacht sin maidir le cáin a leigheas, chomh maith leis an deacracht a bhaineann le comhlíonadh na rialacha a bhaineann le córas cánach anaithnid i gcás ina n-oibrítear i mBallstát amháin eile nó níos mó (ar ceann de na príomhfachtóirí é a chuireann bac ar FBManna a bheith ag leathnú ar an gcoigríoch), ba cheart toradh inchánach buanbhunaíochtaí *nó fochuideachtaí* a ríomh ar bhonn rialacha an Bhallstáit ina bhfuil an Cheannoifig (ceanncheathrú FBM) ina cónaí chun críoch cánach. Ciallaíonn sé sin freisin go mbeadh feidhm

prionsabail lena rialaítear sannadh ioncaim do bhuanbhunaíocht, a leagtar amach sa choinbhinsiún déthaobhach is infheidhme le haghaidh sheachaint an chánachais dhúbailte idir Ballstát na buanbhunaíochta agus Ballstát na Ceannoifige. Chun a áirithiú gur foinse simpliúcháin le haghaidh FBManna a bheidh in aon riail nua, ba cheart dá gcur i bhfeidhm a bheith roghnach, agus ba cheart é a fhágáil de rogha ag an gcáiníocóir.

fós ag na prionsabail lena rialaítear sannadh ioncaim do bhuanbhunaíocht **nó fochuideachta**, a leagtar amach sa choinbhinsiún déthaobhach is infheidhme le haghaidh sheachaint an chánachais dhúbailte idir Ballstát na buanbhunaíochta **nó na fochuideachta** agus Ballstát na Ceannoifige. Chun a áirithiú gur foinse simpliúcháin le haghaidh FBManna a bheidh in aon riail nua, ba cheart dá gcur i bhfeidhm a bheith roghnach, agus ba cheart é a fhágáil de rogha ag an gcáiníocóir **agus ba cheart go dtabharfaí go leor solúbthachta i leith a gcur i bhfeidhm agus a n-oiriúnaithe do na rialacha nua.**

Leasú 8

Togra le haghaidh Treorach Aithris 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(4a) *Is sine qua non don mhargadh inmheánach é comhionannas na córa cánach do gach cáiníocóir, agus do gach gnóthas go háirithe. Tá cur chuige comhordaithe i leith chur chun feidhme na rialach seo ag córais chánach náisiúnta rithábhachtach le go bhfeidhmeoidh an margadh inmheánach mar is cuí, agus rannchuideodh sé le cosc a chur ar sheachaint cánach agus aistriú brabúis.*

Leasú 9

Togra le haghaidh Treorach Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(5) Chun cleachtais chánach mhí-úsáideacha a chosc, tá rialacha sonracha in aghaidh mí-úsáid cánach ceaptha, mar shampla, chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí maidir le seachaint cánach atá

(5) Chun cleachtais chánach mhí-úsáideacha a chosc, tá rialacha **láidre agus** sonracha in aghaidh mí-úsáid cánach ceaptha, mar shampla, chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí maidir le seachaint

bainteach le haistriú cónaí cánach FBM, agus chun cinneadh shuíomh na ceannoifige ar bhonn cuspóirí cánach a sheachaint. Dá réir sin, ba ghá faireachán a dhéanamh ar fhorás an láimhdeachais a shannfaí don bhuanbhunaíocht/do na buanbhunaíochtaí chun a gcuid oibríochtaí a choinneáil ar bun mar ghníomhaíochtaí nach bhfuil ar chomhleibhéal leis an bpríomhghníomhaíocht ba cheart don cheannoifig a dhéanamh. Ar an mbealach sin, ní ghabhfadh riosca maidir le mí-úsáid na rialacha le bunú ceannoifigí folmha fad a dhéantar formhór na ngníomhaíochtaí gnó ar an gcoigríoch. ***Ar an dul céanna, ba cheart an incháilitheacht don chóras simpliúcháin cánach chomh maith le foirceannadh agus athnuachan na rogha a bheith faoi féir coinníollacha diana. Ba cheart na coinníollacha sin a chur in éineacht leis na ceanglais a bhaineann le láimhdeachas na ceannoifige i gcomparáid le láimhdeachas na buanbhunaíochta/na mbuanbhunaíochtaí. Is é is aidhm dó sin é a chur i dtábhacht a thuilleadh go bhféadfadh sé gur leathnú de phríomhghníomhaíocht na ceannoifige a bheidh sa ghnó a dhéanfar tríd an mbuanbhunaíocht/na buanbhunaíochtaí. Anuas air sin, a luaithe a dhéanfar an rogha chun an creat simpliúcháin cánach a chur i bhfeidhm, ba cheart fad éigeantach a bheith aige, chun cosc a chur ar chásanna ina n-aistreofaí áit chónaithe na ceannoifige, chun leas a bhaint as cásanna tairbheacha cánach ócáideacha agus gearrthéarmacha.***

Leasú 10

Togra le haghaidh Treorach Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(6) Is earnáil shonrach gníomhaíochta í an loingseoireacht idirnáisiúnta atá faoi réir

cánach atá bainteach le haistriú cónaí cánach FBM, agus chun cinneadh shuíomh na ceannoifige ar bhonn cuspóirí cánach a sheachaint. Dá réir sin, ba ghá faireachán a dhéanamh ar fhorás an láimhdeachais a shannfaí don bhuanbhunaíocht/do na buanbhunaíochtaí ***agus/nó fochuideachta(i)*** chun a gcuid oibríochtaí a choinneáil ar bun mar ghníomhaíochtaí nach bhfuil ar chomhleibhéal leis an bpríomhghníomhaíocht ba cheart don cheannoifig a dhéanamh. Ar an mbealach sin, ní ghabhfadh riosca maidir le mí-úsáid na rialacha le bunú ceannoifigí folmha fad a dhéantar formhór na ngníomhaíochtaí gnó ar an gcoigríoch.

Leasú

(6) Is earnáil shonrach gníomhaíochta í an loingseoireacht idirnáisiúnta atá faoi réir

córais chánach speisialta i mBallstáit iomadúla. Maidir leis na córais sin, baineann siad, den chuid is mó, le ríomh an bhoinn cánach ar bhonn thonnáiste (i.e. **acmhainn** iompair) na long oibríochta in ionad ar bhonn na mbrabús nó na gcaillteanas iarbhír arna dtabhú ag an gcuideachta. Ar an mbonn sin, ba cheart FBManna a fhaigheann ioncam ó ghníomhaíochtaí loingseoireachta a chumhdaítear le córas cánach tonnáiste a eisiamh ó bheith in ann a roghnú a bheith páirteach *i* rialacha simpliúcháin **FBM** i leith an ioncaim sin a shanntar do bhuanbhunaíocht. Leis an eisiamh sin, sheachnófaí castacht bhreise, a mbeadh coinne léi, a d’eascródh as an idirghníomhú idir creat simpliúcháin cánach FBM agus córais chánach tonnáiste. Anuas air sin, dhealródh sé go raibh castacht fhéideartha den sórt sin neamhréireach, toisc nach ann do chórais chánach speisialta den sórt sin i roinnt Ballstát. Ní **eiseofar** aon **earnáil ghníomhaíochta** eile ó raon feidhme na Treorach.

córais chánach speisialta i mBallstáit iomadúla. Maidir leis na córais sin, baineann siad, den chuid is mó, le ríomh an bhoinn cánach ar bhonn thonnáiste (i.e. **acmhainneacht** iompair) na long oibríochta in ionad ar bhonn na mbrabús nó na gcaillteanas iarbhír arna dtabhú ag an gcuideachta. Ar an mbonn sin, ba cheart FBManna a fhaigheann ioncam ó ghníomhaíochtaí loingseoireachta a chumhdaítear le córas cánach tonnáiste a eisiamh ó bheith in ann a roghnú a bheith páirteach **sna** rialacha simpliúcháin **do FBManna** i leith an ioncaim sin a shanntar do bhuanbhunaíocht **nó don fhochuideachta**. Leis an eisiamh sin, sheachnófaí castacht bhreise, a mbeadh coinne léi, a d’eascródh as an idirghníomhú idir creat simpliúcháin cánach FBM agus córais chánach tonnáiste. Anuas air sin, dhealródh sé go raibh castacht fhéideartha den sórt sin neamhréireach, toisc nach ann do chórais chánach speisialta den sórt sin i roinnt Ballstát. **In aon chás, ba cheart meastóireacht chuí a dhéanamh ar an eisiamh sin tar éis 5 bliana de chur chun feidhme na Treorach seo.** Ní **eiseofaí** aon **ghníomhaíocht** eile, **seachas an ghníomhaíocht a chumhdaítear leis an gcóras cánach tonnáiste**, ó raon feidhme na Treorach.

Leasú 11

Togra le haghaidh Treorach Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(7) Is é is aidhm **don** togra simpliú suntasach nós imeachta a sholáthar agus, dá réir sin, ba cheart ionad ilfhreastail a chur i bhfeidhm, ina bpléifear le comhdú cánach, measúnuithe cánach agus bailiú na cánach a bheadh dlite ag buanbhunaíocht(aí) trí údarás cánach amháin (‘údarás comhdaithe’), i.e. an t-údarás cánach i mBallstát na ceannoifige. **I**

Leasú

(7) Is é is aidhm **leis an** togra **ná** simpliú suntasach nós imeachta a sholáthar agus, dá réir sin, ba cheart ionad ilfhreastail a chur i bhfeidhm, ina bpléifear le comhdú cánach, measúnuithe cánach agus bailiú na cánach a bheadh dlite ag buanbhunaíocht(aí) **nó fochuideachta(i)** trí údarás cánach amháin (‘údarás comhdaithe’), i.e. an t-údarás cánach i

ndáil le ceannasacht na mBallstát maidir le cúrsaí cánach, choinneofaí iniúchtaí, achomhairc agus nósanna imeachta um réiteach díospóidí laistigh den Bhallstát féin agus i gcomhréir le rialacha nós imeachta an Bhallstáit féin. Chun tacú le feidhmiú ionaid ilfhreastail, bheadh sé criticiúil foráil a dhéanamh maidir le hiniúchtaí comhpháirteacha, **lena gcruthaítear oibleagáid** do Bhallstát na ceannoifige dul i gcomhar le húdarás cánach na buanbhunaíochta má iarrann an t-údarás sin iniúchadh lena gcumhdaítear ríomh thoradh inchánach a cháiniócóra.

mBallstát na ceannoifige. **Ba cheart go soláthródh an t-ionad ilfhreastail gnéithe uile an tsimpliúcháin ionas nach mbeadh sé ina chonstaic eile do ghnólachtaí ar mian leo infheistiúocht a dhéanamh ar an gcoigríoch. Chun** ceannasacht na mBallstát maidir le cúrsaí cánach **a urramú go hiomlán**, choinneofaí iniúchtaí, achomhairc agus nósanna imeachta um réiteach díospóidí laistigh den Bhallstát féin agus i gcomhréir le rialacha nós imeachta an Bhallstáit féin. Chun tacú le feidhmiú ionaid ilfhreastail, bheadh sé criticiúil foráil a dhéanamh maidir le hiniúchtaí comhpháirteacha, **oibleagáid chomhair a chruthú d'údaráis chánach na mBallstát, inar cheart** do Bhallstát na ceannoifige dul i gcomhar le húdarás cánach na buanbhunaíochta **nó na fochuideachta** má iarrann an t-údarás sin iniúchadh lena gcumhdaítear ríomh thoradh inchánach a cháiniócóra. **Sa chiall sin, má dhéanann Ballstát na ceannoifige iniúchadh ar a thionscnamh féin, ba cheart dó iarraidh ar an mBallstát óstach an t-iniúchadh sin a dhéanamh go comhpháirteach.**

Leasú 12

**Togra le haghaidh Treorach
Aithris 7 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(7a) Tá luach curtha ag FBManna an Aontais ar an réiteach d'ionad ilfhreastail agus is uirlis éascaithe roghnach é a chruthú le haghaidh nósanna imeachta FBManna a bhaineann le cáin. Leis an taithí dhearfach leis an tuairisceán CBL tríd an ionad ilfhreastail, le 130 000 cuideachta a chomhdaigh a dtuairisceán CBL tríd an ionad ilfhreastail agus breis agus EUR 17 mbilliún bailithe in ioncam CBL, in 2022, spreagtar macasamhlú na samhla i gcomhthéacs na Treorach seo.

Leasú 13

**Togra le haghaidh Treorach
Aithris 13 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(13a) Sa tuarascáil mheastóireachta ón gCoimisiún, ba cheart measúnú a dhéanamh ar gach gné ábhartha de chur chun feidhme na Treorach seo agus díriú ar na buntáistí a bhaineann le leathnú féideartha ar an raon feidhme, ar a leordhóthanaí atá na ceanglais incháilitheachta, ar a iomchuí atá na cásanna eisiaimh, eadhon fochuideachtaí a bhunú, agus ar an ngá atá le gníomhaíochtaí loingseoireachta a eisiaimh. Ba cheart don Choimisiún aghaidh a thabhairt ar na gnéithe sin ina thogra féideartha chun an Treoir seo a leasú, nó cúiseanna a thabhairt chun an fáth nach gá na rialacha atá ann cheana a athrú a chosaint.

Leasú 14

**Togra le haghaidh Treorach
Aithris 13 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(13b) Ós rud é go mbraitheann an laghdú a d'fhéadfadh FBManna a dhéanamh ar chostais chomhlíontachta cánach go díreach ar a nglacadh deonach de na rialacha a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart don Choimisiún feachtas faisnéise críochnúil agus cuimsitheach uile-Aontais a bheartú lena ndíreofar ar FBManna. Ba cheart an feachtas faisnéise sin a chomhtháthú i straitéis chumarsáide níos leithne maidir le dlí nua an Aontais a bhaineann le cáin agus a thionchar ar ghnólachtaí an Aontais. Ba cheart an fhaisnéis go léir a sholáthar

Leasú 15

Togra le haghaidh Treorach Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(14) Féadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta a phróiseáil faoin Treoir seo chun na ceanglais incháilitheachta a fhíorú nó chun dliteanas cánach buanbhunaíochtaí a chinneadh, agus chun na gcríoch sin amháin. Ba cheart aon phróiseáil sonraí pearsanta a dhéantar chun na críche sin Rialachán (AE) 2016/679 a chomhlíonadh.

Leasú

(14) Féadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta a phróiseáil faoin Treoir seo chun na ceanglais incháilitheachta a fhíorú nó chun dliteanas cánach buanbhunaíochtaí **agus fochuideachtaí** a chinneadh, agus chun na gcríoch sin amháin. Ba cheart aon phróiseáil sonraí pearsanta a dhéantar chun na críche sin Rialachán (AE) 2016/679 a chomhlíonadh.

Leasú 16

Togra le haghaidh Treorach Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(15) Déantar foráil maidir le tréimhse choinneála chun gur féidir leis na Ballstáit formhór rialacha reacht na dtréimhsí a chomhlíonadh, lena gcloítear, dá réir sin, le rialacha intíre i ndáil lena túsphointe nó fionraí. Mar sin féin, níor cheart don tréimhse choinneála a bheith ní b'fhaide ná an méid is gá chun a áirithiú go bhfuil na húdaráis chánach inniúla in ann na dliteanais chánach a chinneadh, lena mbaintear cothromaíocht amach idir cumas an údaráis cánach measúnú cuí agus bailiú cánach a áirithiú agus ceart an cháiniócóra chun deimhneachta dlíthiúla.

Leasú

(15) Déantar foráil maidir le tréimhse **chomhréireach** choinneála chun gur féidir leis na Ballstáit formhór rialacha reacht na dtréimhsí a chomhlíonadh, lena gcloítear, dá réir sin, le rialacha intíre i ndáil lena túsphointe nó fionraí. Mar sin féin, níor cheart don tréimhse choinneála a bheith ní b'fhaide ná an méid is gá chun a áirithiú go bhfuil na húdaráis chánach inniúla in ann na dliteanais chánach a chinneadh, lena mbaintear cothromaíocht amach idir cumas an údaráis cánach measúnú cuí agus bailiú cánach a áirithiú agus ceart an cháiniócóra chun deimhneachta dlíthiúla.

Leasú 17

Togra le haghaidh Treorach Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(17) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug sé a thuairim uaidh an [...].

Leasú 18

Togra le haghaidh Treorach Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(18) Maidir le cuspóir na Treorach seo, is é sin simpliú na rialacha cánach le haghaidh FBManna áirithe a oibríonn sa mhargadh inmheánach trí bhuanbhunaíocht(aí), ós rud é nach féidir leis na Ballstáit é sin a ghnóthú go leordhóthanach ach, de bharr na ndúshlán atá ann cheana a eascraíonn as idirghníomhú 27 gcóras cánach corparáide éagsúla, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú;

Leasú 19

Leasú

(17) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug sé a thuairim uaidh an **3 Samhain 2023**.

Leasú

(18) Maidir le cuspóir na Treorach seo, is é sin simpliú na rialacha cánach le haghaidh FBManna áirithe a oibríonn **thar theorainneacha** sa mhargadh inmheánach trí bhuanbhunaíocht(aí) **agus suas le 2 fhochuideachta**, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit é sin a ghnóthú go leordhóthanach **ar bhonn aonair** ach, de bharr na ndúshlán atá ann cheana a eascraíonn as idirghníomhú 27 gcóras cánach corparáide **náisiúnta** éagsúla, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais **trí chomhar frithpháirteach idir na Ballstáit**, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú;

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leagtar síos leis an Treoir seo rialacha maidir le ríomh thoradh inchánach bhuanbhunaíochtaí FBManna a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(1) (rialacha maidir le ‘Cánachas Ceannoifige’).

Leasú

Leagtar síos leis an Treoir seo rialacha maidir le ríomh thoradh inchánach bhuanbhunaíochtaí **agus fochuideachtaí** FBManna a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(1) (rialacha maidir le ‘Cánachas Ceannoifige’).

Leasú 20

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe e**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(e) oibríonn siad **go heisiach** i mBallstáit eile trí bhuanbhunaíocht amháin, nó níos mó;

Leasú

(e) oibríonn siad i mBallstáit eile trí bhuanbhunaíocht amháin, nó níos mó **agus/nó suas le 2 fhochuideachtaí**;

Leasú 21

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 lena leasaítear Iarscríbhinní I go IV, chun athruithe ar dhlíthe na mBallstát a chur san áireamh, athruithe a bhaineann leis an méid seo a leanas:

Leasú

2. Cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 lena leasaítear Iarscríbhinní I go IV, chun athruithe ar dhlíthe na mBallstát a chur san áireamh **agus bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar ag an mBallstát ábhartha, ar** athruithe **iad** a bhaineann leis an méid seo a leanas:

Leasú 22

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 3**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Ní dhéanfar aon difear leis an Treoir seo do cheart an Bhallstáit ina bhfuil buanbhunaíocht suite chun an ráta cánach is infheidhme a shocrú, ná d'infheidhmeacht coinbhinsiún déthaobhach maidir le cánachas dúbailte a sheachaint, ná na rialacha maidir le cosaint shóisialta na n-oibríthe i mBallstát na buanbhunaíochta.

Leasú 23

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú 24

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(2) ciallaíonn ‘ceannoifig’ FBM, dá dtagraítear in Airteagal 2(1), a oibríonn i mBallstát amháin eile nó níos mó **go heisiach** trí aon bhuanbhunaíocht amháin nó níos mó ná sin;

Leasú 25

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(4) ciallaíonn ‘rialacha maidir le

Leasú

3. Ní dhéanfar aon difear leis an Treoir seo do cheart an Bhallstáit ina bhfuil buanbhunaíocht **nó an fhochuideachta** suite chun an ráta cánach is infheidhme a shocrú, ná d'infheidhmeacht coinbhinsiún déthaobhach maidir le cánachas dúbailte a sheachaint, ná na rialacha maidir le cosaint shóisialta na n-oibríthe i mBallstát na buanbhunaíochta **nó na fochuideachta**.

Leasú

(1a) ciallaíonn ‘fochuideachta’ fochuideachta, de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (b), de Threoir 2011/96/AE ón gComhairle, atá suite i mBallstát eile agus atá á rialú ag an gceannoifig;

Leasú

(2) ciallaíonn ‘ceannoifig’ FBM, dá dtagraítear in Airteagal 2(1), a oibríonn i mBallstát amháin eile nó níos mó trí aon bhuanbhunaíocht amháin nó níos mó ná sin **agus/nó suas le 2 fhochuideachta;**

(4) ciallaíonn ‘rialacha maidir le

Leasú

cánachas ceannoifige’ rialacha cánachais an Bhallstáit ceannoifige a úsáidtear chun toradh inchánach na ceannoifige agus a **mbuanbhunaíochtaí** a ríomh;

cánachas ceannoifige’ rialacha cánachais an Bhallstáit ceannoifige a úsáidtear chun toradh inchánach na ceannoifige agus a **buanbhunaíochtaí nó a fochuideachtaí** a ríomh;

Leasú 26

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(5) ciallaíonn ‘Ballstát óstach’ an Ballstát ina bhfuil buanbhunaíocht de FBM, dá dtagraítear in Airteagal 2(1), suite;

Leasú

(5) ciallaíonn ‘Ballstát óstach’ an Ballstát ina bhfuil buanbhunaíocht **nó fochuideachta** de FBM, dá dtagraítear in Airteagal 2(1), suite;

Leasú 27

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 3 – mír 1 – pointe 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(6) ciallaíonn ‘toradh inchánach na buanbhunaíochta’ an t-ioncam nó an caillteanas inchánach a ríomhtar i gcomhréir leis na rialacha maidir le cánachas ceannoifige;

Leasú

(6) ciallaíonn ‘toradh inchánach na buanbhunaíochta’ an t-ioncam nó an caillteanas inchánach **a shanntar don bhuanbhunaíocht agus do suas le 2 fhochuideachta agus** a ríomhtar i gcomhréir leis na rialacha maidir le cánachas ceannoifige;

Leasú 28

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 3 – mír 1 – pointe 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(8) Ciallaíonn ‘tuairisceán cánach um chánachas ceannoifige’ an tuairisceán cánach arna gcomhdú ag FBM dá dtagraítear in Airteagal 2(1) lena gcumhdaítear torthaí inchánach na ceannoifige agus na buanbhunaíochta (na

Leasú

(8) Ciallaíonn ‘tuairisceán cánach um chánachas ceannoifige’ an tuairisceán cánach arna gcomhdú ag FBM dá dtagraítear in Airteagal 2(1) lena gcumhdaítear torthaí inchánach na ceannoifige agus na buanbhunaíochta (na

mbuanbhunaíochtaí), mar a ríomhadh i gcomhréir leis na rialacha maidir le cánachas ceannoifige.

mbuanbhunaíochtaí) *nó na bhfochuideachtaí*, mar a ríomhadh i gcomhréir leis na rialacha maidir le cánachas ceannoifige.

Leasú 29

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 4 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Féadfaidh an cheannoifig a roghnú na rialacha maidir le cánachas ceannoifige a chur i bhfeidhm i leith a buanbhunaíochta(i) i mBallstáit eile má chomhlíonann sí na ceanglais seo a leanas:

Leasú

1 Féadfaidh an cheannoifig a roghnú na rialacha maidir le cánachas ceannoifige a chur i bhfeidhm i leith a buanbhunaíochta(i) *agus a fochuideachtaí* i mBallstáit eile má chomhlíonann sí na ceanglais seo a leanas:

Leasú 30

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 4 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) ní raibh láimhdeachas comhpháirteach a buanbhunaíochtaí níos mó, i gcás an **2 bhliain** fhioscacha dheireanacha, ná méid atá cothrom le **dhá** oiread an láimhdeachais arna ghiniúint ag an gceannoifig;

Leasú

(a) ní raibh láimhdeachas comhpháirteach a buanbhunaíochtaí *agus a fochuideachtaí* níos mó, i gcás an **3 bliana** fhioscacha dheireanacha, ná méid atá cothrom le **trí** oiread an láimhdeachais arna ghiniúint ag an gceannoifig;

Leasú 31

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 4 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) bhí cónaí uirthi chun críoch cánach sa Bhallstát ceannoifige le linn **an 2 bhliain fhioscacha dheireanacha**;

Leasú

(b) bhí cónaí uirthi chun críoch cánach sa Bhallstát ceannoifige le linn **na bliana fiosaí deireanaí nó, más níos luaithe a tharla sé, ó bunaíodh an cheannoifig**;

Leasú 32

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 4 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) comhlíonann sí na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 2(1), pointe d) don **2 bhliain fhioscacha dheireanacha**.

Leasú

(c) comhlíonann sí na coinníollacha a leagtar in Airteagal 2(1), pointe d) don **bhliain fhioscach dheireanach, nó más níos luaithe a tharla sé, ó bunaíodh an cheannoifig**.

Leasú 33

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 4 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Má roghnaíonn an cheannoifig na rialacha maidir le cánachas ceannoifige a chur i bhfeidhm i gcomhréir le mír 1, cuirfidh sí na rialacha sin i bhfeidhm maidir lena buanbhunaíochtaí uile i mBallstáit eile. Má chruthaíonn sí buanbhunaíocht nua i mBallstát eile, cuirfidh sí na rialacha maidir le cánachas ceannoifige i bhfeidhm maidir leis an mbuanbhunaíocht sin a luaithe a bhunófar í.

Leasú

2. Má roghnaíonn an cheannoifig na rialacha maidir le cánachas ceannoifige a chur i bhfeidhm i gcomhréir le mír 1, cuirfidh sí na rialacha sin i bhfeidhm maidir lena buanbhunaíochtaí **nó fochuideachtaí** uile i mBallstáit eile. Má chruthaíonn sí buanbhunaíocht nua i mBallstát eile, cuirfidh sí na rialacha maidir le cánachas ceannoifige i bhfeidhm maidir leis an mbuanbhunaíocht sin a luaithe a bhunófar í. **Má chruthaíonn sí chéad fhochuideachta i mBallstát eile, cuirfidh sí na rialacha maidir le cánachas ceannoifige i bhfeidhm maidir leis an bhfochuideachta sin a luaithe a bhunófar í agus cuirfidh sí an Ballstát óstach ar an eolas ina leith.**

Leasú 34

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 4 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2a. Ní chuirfear an ceanglas dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), i bhfeidhm i gcás inar bunaíodh an cheannoifig tráth níos lú ná trí bliana roimh an dáta ar ar roghnaíodh na rialacha maidir le cánachas ceannoifige a chur i bhfeidhm.

Leasú 35

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 5 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

I gcás ina ndíorthaítear ioncam na ceannoifige ó ghníomhaíochtaí loingseoireachta agus i gcás ina bhfuil an t-ioncam sin faoi réir córas cánach tonnáiste sa Bhallstát ceannoifige, eiseofar an cheannoifig sin ó chur i bhfeidhm na rialacha maidir le cánachas ceannoifige i leith a buanbhunaíochta(i) i mBallstáit eile a mhéid a ndíorthaíonn siad sin ioncam ó ghníomhaíochtaí loingseoireachta.

Leasú

I gcás ina ndíorthaítear ioncam na ceannoifige ó ghníomhaíochtaí loingseoireachta agus i gcás ina bhfuil an t-ioncam sin faoi réir córas cánach tonnáiste sa Bhallstát ceannoifige, eiseofar an cheannoifig sin ó chur i bhfeidhm na rialacha maidir le cánachas ceannoifige i leith a buanbhunaíochta(i) **agus na bhfochuideachtaí** i mBallstáit eile a mhéid a ndíorthaíonn siad sin ioncam ó ghníomhaíochtaí loingseoireachta.

Leasú 36

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 6 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Tabharfaidh an cheannoifig, a roghnóidh na rialacha maidir le cánachas ceannoifige a chur i bhfeidhm maidir lena buanbhunaíocht(aí), fógra faoina rogha don údarás comhdaithe, in éineacht le hainm an Bhallstáit óstaigh/na mBallstát óstach. Tabharfar an fógra **3** mhí ar a laghad roimh dheireadh na bliana fiosaí roimh an mbliain fhioscach inar mian leis an FBM sin tús a chur le cur i bhfeidhm na rialacha maidir le cánachas ceannoifige.

Leasú

1. Tabharfaidh an cheannoifig, a roghnóidh na rialacha maidir le cánachas ceannoifige a chur i bhfeidhm maidir lena buanbhunaíocht(aí) **agus/nó fochuideachta(i)**, fógra faoina rogha don údarás comhdaithe, in éineacht le hainm an Bhallstáit óstaigh/na mBallstát óstach. Tabharfar an fógra **2** mhí ar a laghad roimh dheireadh na bliana fiosaí roimh an mbliain fhioscach inar mian leis an FBM sin tús a chur le cur i bhfeidhm na rialacha maidir le cánachas ceannoifige.

Leasú 37

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 6 – mír 1 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1a. Chun a chéad bhuanbhunaíocht nó a chéad fhochuideachta a bhunú i mBallstát eile, féadfaidh FBM na rialacha maidir le cánachas ceannoifige a chur i bhfeidhm ón mbliain ina mbunófar an bhuanbhunaíocht nó an fhochuideachta, gan é a bheith orthu fógra a thabhairt don údarás comhdaithe 3 mhí roimh dheireadh na bliana fiosaí roimhe sin.

Leasú 38

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 6 – mír 2**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2. Deimhneoidh an t-údarás comhdaithe cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na ceanglais incháilitheachta a leagtar amach in Airteagal 4 agus cuirfidh sé an cheannoifig ar an eolas maidir lena thorthaí laistigh de **2 mhí** ón bhfógra dá dtagraítear i mír 1.

2. Deimhneoidh an t-údarás comhdaithe cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na ceanglais incháilitheachta a leagtar amach in Airteagal 4 agus cuirfidh sé an cheannoifig ar an eolas maidir lena thorthaí laistigh de **1 mhí** ón bhfógra dá dtagraítear i mír 1.

Leasú 39

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 6 – mír 2 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2a. Gheobhaidh an t-údarás comhdaithe deimhniú ón mBallstát óstach gur buanbhunaíocht í an bhunaíocht sa Bhallstát óstach chun críoch conarthaí cánach déthaobhacha.

Leasú 40

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Má chomhlíontar na ceanglais incháilitheachta, cuirfidh an t-údarás comhdaithe údaráis chánach na mBallstát óstach ar an eolas laistigh de **2** mhí ón bhfógra dá dtagraítear i mír 1 go ríomhfar toradh inchánach na mbuanbhunaíochtaí ábhartha i gcomhréir leis na rialacha maidir le cánachas ceannoifige ón mbliain fhioscach dár gcionn, de réir mar a chuirtear i bhfeidhm iad sa Bhallstát ceannoifige. Cuirfidh údarás chánach an Bhallstáit óstaigh/na mBallstát óstach an ráta chánach is infheidhme in iúl don údarás comhdaithe.

Leasú 41

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Féadfaidh an Ballstát óstach cur in aghaidh chinneadh an údaráis comhdaithe maidir le comhlíonadh na gceanglas incháilitheachta i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach in Airteagal 13. D'ainneoin nósanna imeachta den sórt sin, féadfaidh FBManna tús a chur le cur i bhfeidhm na rialacha maidir le cánachas ceannoifige.

Leasú

3. Má chomhlíontar na ceanglais incháilitheachta, cuirfidh an t-údarás comhdaithe údaráis chánach na mBallstát óstach ar an eolas laistigh de **1** mhí ón bhfógra dá dtagraítear i mír 1 go ríomhfar toradh inchánach na mbuanbhunaíochtaí **agus na bhfochuideachtaí** ábhartha i gcomhréir leis na rialacha maidir le cánachas ceannoifige ón mbliain fhioscach dár gcionn, de réir mar a chuirtear i bhfeidhm iad sa Bhallstát ceannoifige. Cuirfidh údarás chánach an Bhallstáit óstaigh/na mBallstát óstach an ráta chánach is infheidhme in iúl don údarás comhdaithe.

Leasú

Féadfaidh an Ballstát óstach cur in aghaidh chinneadh an údaráis comhdaithe maidir le comhlíonadh na gceanglas incháilitheachta i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach in Airteagal 13. ***Sa chás sin, cuirtear rialacha náisiúnta an Bhallstáit ceannoifige i bhfeidhm.*** D'ainneoin nósanna imeachta den sórt sin, féadfaidh FBManna tús a chur le cur i bhfeidhm na rialacha maidir le cánachas ceannoifige.

Leasú 42

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Má thagann an t-údarás comhdaithe ar an gconclúid nach gcomhlíontar na ceanglais incháilitheachta, cuirfidh sé an cheannoifig ar an eolas maidir leis sin laistigh de **2** mhí ón bhfógra dá dtagraítear i mír 1 agus féadfaidh an cheannoifig achomharc a dhéanamh ina aghaidh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

Leasú 43

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 6 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. I gcás ina dtagann Ballstát óstach ar an gconclúid go gcáilíonn láithreach FBM ar a chríoch mar bhuanbhunaíocht, cuirfidh sé an t-údarás comhdaithe ar an eolas. Nuair a gheofar an fhaisnéis sin, cuirfidh an t-údarás comhdaithe údarás cánach inniúil an Bhallstáit óstaigh ar an eolas cé acu a chuireann nó nach gcuireann an cheannoifig na rialacha maidir le cánachas ceannoifige i bhfeidhm i leith a buanbhunaíochta(i).

Leasú

Má thagann an t-údarás comhdaithe ar an gconclúid nach gcomhlíontar na ceanglais incháilitheachta, cuirfidh sé an cheannoifig ar an eolas maidir leis sin laistigh de **1** mhí ón bhfógra dá dtagraítear i mír 1 agus féadfaidh an cheannoifig achomharc a dhéanamh ina aghaidh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta ***agus leanúint de na rialacha maidir le cánachas ceannoifige a chur i bhfeidhm. Ní bheidh éifeachtaí dlíthiúla ag an gcinneadh críochnaitheach ach ón mbliain fhioscach ina dhiaidh sin.***

Leasú

4. I gcás ina dtagann Ballstát óstach ar an gconclúid go gcáilíonn láithreach FBM ar a chríoch mar bhuanbhunaíocht ***nó mar fhochuideachta***, cuirfidh sé an t-údarás comhdaithe ar an eolas. Nuair a gheofar an fhaisnéis sin, cuirfidh an t-údarás comhdaithe údarás cánach inniúil an Bhallstáit óstaigh ar an eolas cé acu a chuireann nó nach gcuireann an cheannoifig na rialacha maidir le cánachas ceannoifige i bhfeidhm i leith a buanbhunaíochta(i) ***nó a fochuideachtaí. Ní mór an cheannoifig a chur ar an eolas go cuí faoi na nósanna imeachta sin, gan moill mhíchuí.***

Leasú 44

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 7 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Maidir leis an gceannoifig, a bhfuil sé roghnaithe aici na rialacha maidir le cánachas ceannoifige a chur i bhfeidhm maidir lena buanbhunaíochtaí i mBallstát óstach amháin nó níos mó, cuirfidh sí na rialacha sin i bhfeidhm go ceann tréimhse **5 bliana** fhioscacha.

Leasú 45

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 7 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Ag deireadh na tréimhse dá dtagraítear i mír 1, ní bheidh feidhm ag na rialacha maidir le cánachas ceannoifige a thuilleadh maidir **le** buanbhunaíochtaí atá suite sna Ballstáit óstacha, mura dtugann an cheannoifig fógra don údarás comhdaithe faoina rogha chun cur i bhfeidhm na rialacha maidir le cánachas ceannoifige a athnuachan, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 9.

Leasú 46

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Foirceannfar an rogha chun na rialacha maidir le cánachas ceannoifige a chur i bhfeidhm roimh dheireadh na tréimhse **5 bliana** dá dtagraítear in Airteagal 7(1) ar aon cheann de na

Leasú

1. Maidir leis an gceannoifig, a bhfuil sé roghnaithe aici na rialacha maidir le cánachas ceannoifige a chur i bhfeidhm maidir lena buanbhunaíochtaí **nó a fochuideachtaí** i mBallstát óstach amháin nó níos mó, cuirfidh sí na rialacha sin i bhfeidhm go ceann tréimhse **in-athnuaithe 7 mbliana** fhioscacha.

Leasú

2. Ag deireadh na tréimhse dá dtagraítear i mír 1, ní bheidh feidhm ag na rialacha maidir le cánachas ceannoifige a thuilleadh maidir **leis na** buanbhunaíochtaí **agus na fochuideachtaí** atá suite sna Ballstáit óstacha, mura dtugann an cheannoifig fógra don údarás comhdaithe faoina rogha chun cur i bhfeidhm na rialacha maidir le cánachas ceannoifige a athnuachan, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 9.

Leasú

1. Foirceannfar an rogha chun na rialacha maidir le cánachas ceannoifige a chur i bhfeidhm roimh dheireadh na tréimhse **7 mbliana** dá dtagraítear in Airteagal 7(1) ar aon cheann de na

cúiseanna seo a leanas:

cúiseanna seo a leanas:

Leasú 47

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) aistríonn an FBM dá dtagraítear in Airteagal 2(1) a áit chónaithe chun críoch cánach lasmuigh den Bhallstát ceannoifige;

Leasú

(a) aistríonn an FBM dá dtagraítear in Airteagal 2(1) a áit chónaithe chun críoch cánach lasmuigh den Bhallstát ceannoifige, ***más mian leis an FBM deireadh a chur leis na rialacha maidir le cánachas a chur i bhfeidhm;***

Leasú 48

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) bhí láimhdeachas comhpháirteach a buanbhunaíochtaí níos mó ná méid atá cothrom le trí oiread láimhdeachas na ceannoifige le ***2 bhliain*** fhioscacha anuas.

Leasú

(b) bhí láimhdeachas comhpháirteach a buanbhunaíochtaí ***agus a fochuideachtaí*** níos mó ná méid atá cothrom le trí oiread láimhdeachas na ceannoifige le ***3 bliana*** fhioscacha anuas;

Leasú 49

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 1 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(ba) ní mheastar a thuilleadh gur FBM é an FBM dá dtagraítear in Airteagal 2(1);

Leasú 50

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 1 – pointe b b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(bb) cuireann an FBM dá dtagraítear in Airteagal 2(1) níos mó ná 2 fhochuideachta ar bun.

Leasú 51

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 8 – mír 2**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2. ***In aon cheann de na cásanna dá dtagraítear i mír 1***, ní bheidh feidhm ag na rialacha maidir le cánachas ceannoifige a thuilleadh ón mbliain fhioscach a leanfaidh an bhliain ina dtarlóidh na cúiseanna dá dtagraítear i mír 1.

2. Ní bheidh feidhm ag na rialacha maidir le cánachas ceannoifige a thuilleadh ón mbliain fhioscach a leanfaidh an bhliain ina dtarlóidh an chúis dá dtagraítear i mír 1.

Leasú 52

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 8 – mír 3**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

3. Cuirfidh an t-údarás comhdaithe na Ballstáit óstacha ar an eolas faoin bhfoirceannadh dá dtagraítear i mír 1 roimh dheireadh na bliana fioscaí ina dtarlaíonn na cúiseanna leis an bhfoirceannadh ***sin***.

3. Cuirfidh an t-údarás comhdaithe na Ballstáit óstacha ar an eolas faoin bhfoirceannadh dá dtagraítear i mír 1 ***a luaithe is féidir agus, in aon chás, roimh dheireadh na bliana fioscaí ina dtarlaíonn na cúiseanna leis an bhfoirceannadh.***

Leasú 53

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 8 – mír 4**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

4. Má aistríonn an FBM dá dtagraítear in Airteagal 2(1) a áit chónaithe chun críoch cánach chuig Ballstát eile, féadfaidh sé a roghnú na rialacha maidir le cánachas ceannoifige de chuid a Bhallstáit nua

4. Má aistríonn an FBM dá dtagraítear in Airteagal 2(1) a áit chónaithe chun críoch cánach chuig Ballstát eile, féadfaidh sé a roghnú na rialacha maidir le cánachas ceannoifige de chuid a Bhallstáit nua

cónaithe chun críoch cánach a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagail 4 go 7. Measfar gur rogha nua é sin.

cónaithe chun críoch cánach a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagail 4 go 7. Measfar gur rogha nua é sin. ***Ní bheidh feidhm ag an gceanglas a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointe (b), más rud é go ndearnadh aistriú áit chónaithe an FBM chun críoch cánach ar chúiseanna tráchtála bailí de réir bhrí Airteagal 15(1), pointe (a), de Threoir 2009/133/CE ón gComhairle.***

Leasú 54

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 10 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

An rogha na rialacha maidir le cánachas ceannoifige a chur i bhfeidhm, ní bheidh an cheannoifig i dteideal an rogha sin a athnuachan má tharla aon cheann de na cásanna seo a leanas ***le linn na tréimhse 5 bliana ina raibh feidhm ag na rialacha maidir le cánachas ceannoifige ar dtús:***

Leasú

An rogha ***chun*** na rialacha maidir le cánachas ceannoifige a chur i bhfeidhm, ní bheidh an cheannoifig i dteideal an rogha sin a athnuachan má tharla aon cheann de na cásanna seo a leanas:

Leasú 55

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 10 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) bhí láimhdeachas comhpháirteach a buanbhunaíochtaí níos mó ná méid atá cothrom le ***dhá oiread*** láimhdeachas na Ceannoifige in aon cheann den ***2 bhliain*** fhioscacha ar leithligh;

Leasú

(a) bhí láimhdeachas comhpháirteach a buanbhunaíochtaí ***nó a fochuideachtaí*** níos mó ná méid atá cothrom le ***trí*** oiread láimhdeachas na Ceannoifige in aon cheann den ***3 bliana*** fhioscacha ar leithligh;

Leasú 56

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 10 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) bhunaigh FBM **fochuideachta amháin nó níos mó** laistigh den Aontas **nó lasmuigh de**;

Leasú 57

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 10 – mír 1 – pointe c**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) níor comhlíonadh an critéar a leagtar amach in Airteagal 2(1), pointe (d) ar feadh **2 bhliain** fhioscacha as a chéile.

Leasú 58

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Comhdóidh an cheannoifig an tuairisceán cánach um chánachas ceannoifige leis an údarás comhdaithe.

Leasú 59

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 2 – pointe b**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) dliteanas cánach an FBM i ndáil le toradh inchánach gach buanbhunaíochta i mBallstáit eile. Ríomhfar an dliteanas

Leasú

(b) bhunaigh **an** FBM **níos mó ná 2 fhochuideachta** laistigh den Aontas;

Leasú

(c) níor comhlíonadh an critéar a leagtar amach in Airteagal 2(1), pointe (d) ar feadh **3 bliana** fhioscacha as a chéile.

Leasú

1. Comhdóidh an cheannoifig an tuairisceán cánach um chánachas ceannoifige leis an údarás comhdaithe. **Tabharfaidh an Ballstát ceannoifige cúnamh don FBM an tuairisceán cánach a fhorbairt, go háirithe maidir le toradh inchánach a shannadh do gach buanbhunaíocht agus gach fochuideachta i mBallstáit eile.**

Leasú

(b) dliteanas cánach an FBM i ndáil le toradh inchánach gach buanbhunaíochta **agus suas le 2 fhochuideachta** i mBallstáit

cánach trí ráta cánach náisiúnta an Bhallstáit óstaigh faoi seach a chur i bhfeidhm maidir leis an toradh inchánach, mar a ríomhadh é i gcomhréir leis na rialacha maidir le cánachas ceannoifige.

eile. Ríomhfar an dliteanas cánach trí ráta cánach náisiúnta an Bhallstáit óstaigh faoi seach a chur i bhfeidhm maidir leis an toradh inchánach, mar a ríomhadh é i gcomhréir leis na rialacha maidir le cánachas ceannoifige.

Leasú 60

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 11 – mír 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. I gcás nach gceanglaítear ar bhuanbhunaíocht amháin nó níos mó de chuid FBM ráitis cuntaíochta airgeadais ar leithligh a ullmhú faoi dhlí an Bhallstáit óstaigh, áireofar sa tuairisceán cánach um **chánachas ceannoifige** an fhaisnéis seo a leanas:

Leasú

3. I gcás nach gceanglaítear ar bhuanbhunaíocht amháin nó níos mó de chuid FBM ráitis cuntaíochta airgeadais ar leithligh a ullmhú faoi dhlí an Bhallstáit óstaigh, áireofar sa tuairisceán cánach um **chánachas ceannoifige** an fhaisnéis seo a leanas:

Leasú 61

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 11 – mír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) sócmhainní agus dliteanais a shanntar **don bhuanbhunaíocht**/do na buanbhunaíochtaí;

Leasú

(a) sócmhainní agus dliteanais a shanntar do na buanbhunaíochtaí **agus suas le 2 fhochuideachta**;

Leasú 62

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 11 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) brabúis is féidir a shannadh **don bhuanbhunaíocht**/do na buanbhunaíochtaí i mBallstáit eile.

Leasú

(b) brabúis is féidir a shannadh do na buanbhunaíochtaí **agus suas le 2 fhochuideachta** i mBallstáit eile.

Leasú 63

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 4 – pointe b**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) fógra faoi dhréachtmheasúnú cánach le haghaidh gach buanbhunaíochta.

Leasú

(b) fógra faoi dhréachtmheasúnú cánach le haghaidh gach buanbhunaíochta **agus fochuideachta.**

Leasú 64

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 5 – fomhír 1 – pointe b**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) fógra faoi dhréachtmheasúnú cánach le haghaidh **na buanbhunaíochta**/na mbuanbhunaíochtaí ábhartha;

Leasú

(b) fógra faoi dhréachtmheasúnú cánach le haghaidh na mbuanbhunaíochtaí **agus na bhfochuideachtaí** ábhartha;

Leasú 65

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 8**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

8. Má dhiúltaíonn údarás cánach an Bhallstáit óstaigh don fhógra faoi dhréachtmheasúnú cánach, athbhreithneoidh sé an dréachtmheasúnú cánach sin i ndáil le sannadh brabús don bhuanbhunaíocht i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos sa choinbhinsiún **déthaobhach** is infheidhme chun cánachas dúbailte **idir** an Ballstát óstach agus an Ballstát ceannoifige a sheachaint. Tar éis don údarás cánach sannadh na mbrabús don bhuanbhunaíocht a athbhreithniú agus é a chur in iúl don údarás comhdaithe i gcomhréir le hAirteagal 8ae de Threoir 2011/16/AE, athríomhfaidh an t-údarás comhdaithe an toradh inchánach i gcomhréir le rialacha cánachais an Bhallstáit ceannoifige, agus eiseoidh an Ballstát sin measúnú cánach

Leasú

8. Má dhiúltaíonn údarás cánach an Bhallstáit óstaigh don fhógra faoi dhréachtmheasúnú cánach, athbhreithneoidh sé an dréachtmheasúnú cánach sin i ndáil le sannadh brabús don bhuanbhunaíocht **agus do na fochuideachtaí** i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos sa choinbhinsiún is infheidhme chun cánachas dúbailte **a bhfuil** an Ballstát óstach agus an Ballstát ceannoifige **ina bpáirtithe ann** a sheachaint. Tar éis don údarás cánach sannadh na mbrabús don bhuanbhunaíocht **agus do na fochuideachtaí** a athbhreithniú agus é a chur in iúl don údarás comhdaithe i gcomhréir le hAirteagal 8ae de Threoir 2011/16/AE, athríomhfaidh an t-údarás comhdaithe an toradh inchánach i gcomhréir le rialacha cánachais an

athbhreithnithe. Beidh an cáinócóir i dteideal achomharc a dhéanamh in aghaidh an mheasúnaithe cánach athbhreithnithe sin os comhair chúirteanna an Bhallstáit ceannoifige. Socrófar aon díospóid a bhaineann le méid na mbrabús is féidir a shannadh don bhuanbhunaíocht i gcomhréir leis an gcoinbhinsiún **déthaobhach** is infheidhme chun cánachas dúbailte a sheachaint, nó i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach i dTreoir (AE) 2017/1852 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2017¹⁷.

¹⁷ Treoir (AE) 2017/1852 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2017 maidir le sásraí réitigh díospóidí cánach san Aontas Eorpach (*IO L 265, 14.10.2017, lgh. 1–14*).

Leasú 66

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 11 – mír 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

9. I gcás, faoi rialacha cánach an Bhallstáit óstaigh, ina bhfuil costais áirithe atá bainteach le fostaithe na buanbhunaíochta in-asbhainte chun críoch cánach a mhéid a ghearrtar cáin ar na méideanna faoi leith ag leibhéal an fhostóra nó a mhéid atá siad faoi réir muirear slándála sóisialta, agus nach bhfuil aon chóireáil chánach chomhchosúil sa Bhallstát ceannoifige a fhágann gur féidir asbhaint den sórt sin a dhéanamh, déanfaidh an Ballstát ceannoifige agus an Ballstát óstach na bearta iomchuí chun neamhréireanna féideartha a sheachaint.

Leasú 67

Bhallstáit ceannoifige, agus eiseoidh an Ballstát sin measúnú cánach athbhreithnithe. Beidh an cáinócóir i dteideal achomharc a dhéanamh in aghaidh an mheasúnaithe cánach athbhreithnithe sin os comhair chúirteanna an Bhallstáit ceannoifige. Socrófar aon díospóid a bhaineann le méid na mbrabús is féidir a shannadh don bhuanbhunaíocht **agus do na fochuideachtaí** i gcomhréir leis an gcoinbhinsiún is infheidhme chun cánachas dúbailte a sheachaint, nó i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach i dTreoir (AE) 2017/1852 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2017.

¹⁷ Treoir (AE) 2017/1852 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2017 maidir le sásraí réitigh díospóidí cánach san Aontas Eorpach (*IO L 265, 14.10.2017, lgh. 1–14*).

Leasú

9. I gcás, faoi rialacha cánach an Bhallstáit óstaigh, ina bhfuil costais áirithe atá bainteach le fostaithe na buanbhunaíochta **nó na fochuideachta** in-asbhainte chun críoch cánach a mhéid a ghearrtar cáin ar na méideanna faoi leith ag leibhéal an fhostóra nó a mhéid atá siad faoi réir muirear slándála sóisialta, agus nach bhfuil aon chóireáil chánach chomhchosúil sa Bhallstát ceannoifige a fhágann gur féidir asbhaint den sórt sin a dhéanamh, déanfaidh an Ballstát ceannoifige agus an Ballstát óstach na bearta iomchuí, **le treoir ón gCoimisiún**, chun neamhréireanna féideartha a sheachaint.

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 11 – mír 9 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

9a. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, treoir a leagan síos maidir le bearta iomchuí i ndáil le neamhréireanna dá dtagraítear i mír 8 den Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15.

Leasú 68

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – teideal**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Bailiú na cánach atá dlite ag **an mbuanbhunaíocht**/na buanbhunaíochtaí **sa Bhallstát óstach**/sna Ballstáit óstacha

Bailiú na cánach atá dlite ag na buanbhunaíochtaí **agus ag na fochuideachtaí** sna Ballstáit óstacha

Leasú 69

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1. Socróidh an cheannoifig, tríd an údarás comhdaithe, na dliteanais cánach ioncaim maidir lena thoradh inchánach agus toradh inchánach a buanbhunaíochta(i) **sa Bhallstát óstach**/sna Ballstáit óstacha.

1. Socróidh an cheannoifig, tríd an údarás comhdaithe, na dliteanais cánach ioncaim maidir lena thoradh inchánach agus toradh inchánach a buanbhunaíochtaí **agus a fochuideachtaí** sna Ballstáit óstacha.

Leasú 70

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 2**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Baileoidh an t-údarás comhdaithe an cháin a chomhfhreagraíonn do dhliteanas cánach gach buanbhunaíochta den cheannoifig san Aontas, cuirfidh sé ráta cánach an Bhallstáit óstaigh faoi leith i bhfeidhm agus aistroidh sé an méid ábhartha d'údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh faoi leith.

Leasú 71

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 3**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Leagfaidh an Coimisiún síos, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na socruithe praiticiúla is gá chun a áirithiú go mbailítear agus go n-aistrítear an cháin a chomhfhreagraíonn do dhliteanas cánach **na buanbhunaíochta**/na mbuanbhunaíochtaí ón mBallstát ceannoifige chuig an mBallstát óstach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15.

Leasú 72

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 13 – mír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Mura sonraítear a mhalairt, ní dhéanfaidh rialacha na Treorach seo difear do rialacha náisiúnta na mBallstát lena rialaítear iniúchtaí cánach áitiúla, leigheasanna dlí agus imeachtaí, ná na sásraí réitigh díospóidí atá ar fáil ar leibhéal an Aontais nó dá bhforáiltear sna

Leasú

2. Baileoidh an t-údarás comhdaithe an cháin a chomhfhreagraíonn do dhliteanas cánach gach buanbhunaíochta **agus fochuideachta** den cheannoifig san Aontas, cuirfidh sé ráta cánach an Bhallstáit óstaigh faoi leith i bhfeidhm agus aistroidh sé an méid ábhartha d'údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh faoi leith **gan mhoill**.

Leasú

3. Leagfaidh an Coimisiún síos, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na socruithe praiticiúla is gá chun a áirithiú go mbailítear agus go n-aistrítear an cháin a chomhfhreagraíonn do dhliteanas cánach na mbuanbhunaíochtaí nó **na bhfochuideachtaí** ón mBallstát ceannoifige chuig an mBallstát óstach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15.

coinbhinsiúin dhéthaobhacha is infheidhme maidir le seachaint an chánachais dhúbailte.

coinbhinsiúin dhéthaobhacha is infheidhme maidir le seachaint an chánachais dhúbailte. *Ní dhéanfaidh an Treoir seo difear d'oibleagáidí tráchtála, cuntasáiochta agus fioscacha buanbhunaíochtaí agus fochuideachtaí de bhun rialacha náisiúnta an Bhallstáit óstaigh.*

Leasú 73

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 13 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Féadfaidh **údarás** cánach an Bhallstáit óstaigh a iarraidh go ndéanfaí iniúchadh i gcomhpháirt leis an údarás comhdaithe, iniúchadh lena gcumhdófaí ríomh thoradh inchánach na buanbhunaíochta i gcomhréir leis na rialacha maidir le cánachas ceannoifige, sannadh na mbrabús don bhuanbhunaíocht agus/nó an ráta cánach infheidhme. Déanfar iniúchtaí comhpháirteacha i gcomhréir le Treoir 2011/16/AE ón gComhairle¹⁸. D'ainneoin **na bhforálacha sa Treoir réamhluaithe, glacfaidh an t-údarás inniúil iarrtha le hiarraidh den sórt sin ó údaráis** an Bhallstáit **óstaigh**.

¹⁸ Treoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE (IO L 64, 11.3.2011, lch. 1)

Leasú 74

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 13 – mír 2 a (nua)

Leasú

2. Féadfaidh **údaráis cánach** an Bhallstáit óstaigh a iarraidh go ndéanfaí iniúchadh i gcomhpháirt leis an údarás comhdaithe, iniúchadh lena gcumhdófaí ríomh thoradh inchánach na buanbhunaíochta **nó na fochuideachta** i gcomhréir leis na rialacha maidir le cánachas ceannoifige, sannadh na mbrabús don bhuanbhunaíocht **agus/nó don fhochuideachta** agus/nó an ráta cánach infheidhme. Déanfar iniúchtaí comhpháirteacha i gcomhréir le Treoir 2011/16/AE ón gComhairle¹⁸. D'ainneoin **Threoir 2011/16/AE, féadfaidh údarás cánach** an Bhallstáit **cheannoifige an iarraidh ar iniúchadh comhpháirteach a dhéanamh freisin ar údarás cánach Bhallstát óstach gach buanbhunaíochta nó gach fochuideachta.**

¹⁸ Treoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE (IO L 64, 11.3.2011, lch. 1)

2a. Má tá iniúchadh le déanamh ar thionscnamh an Bhallstáit ceannoifige, iarrfaidh an Ballstát ceannoifige ar an mBallstát óstach an t-iniúchadh sin a dhéanamh go comhpháirteach.

Leasú 75

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 14 – mír 1 – pointe 2
Treoir 2011/16/AE
Airteagal 8ae – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. I gcás ceannoifig mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (2), **de Threoir** maidir le bunú rialacha maidir le cánachas ceannoifige le haghaidh micrifhiontar, fiontair bheaga agus mheánmhéide²⁰, a roghnaíonn na rialacha maidir le cánachas ceannoifige a chur i bhfeidhm maidir lena buanbhunaíocht(aí) i gcomhréir le hAirteagal 6 den Treoir sin, má chomhlíonann an cheannoifig sin ceanglais incháilitheachta maidir le cur i bhfeidhm na rialacha sin, cuirfidh údarás inniúil Bhallstát na ceannoifige in iúl, trí bhíthin malartú uathoibríoch faisnéise, d'údarás inniúil Bhallstát na buanbhunaíochta go gcaithfear toradh inchánach na buanbhunaíochta ábhartha a ríomh i gcomhréir leis na rialacha maidir le cánachas ceannoifige. Cuirfear é sin iúl laistigh de **2 mhí** ón bhfógra ón gCeannoifig maidir lena rogha chun rialacha maidir le cánachas ceannoifige a chur i bhfeidhm.

²⁰ Treoir...[IO: Cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin].

Leasú

1. I gcás ceannoifig mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (2), **den Treoir** maidir le bunú rialacha maidir le cánachas ceannoifige le haghaidh micrifhiontar, fiontair bheaga agus mheánmhéide²⁰, a roghnaíonn na rialacha maidir le cánachas ceannoifige a chur i bhfeidhm maidir lena buanbhunaíochtaí **nó a fochuideachtaí** i gcomhréir le hAirteagal 6 den Treoir sin, má chomhlíonann an cheannoifig sin ceanglais incháilitheachta maidir le cur i bhfeidhm na rialacha sin, cuirfidh údarás inniúil Bhallstát na ceannoifige in iúl, trí bhíthin malartú uathoibríoch faisnéise, d'údarás inniúil Bhallstát na buanbhunaíochta **nó na bhfochuideachtaí** go gcaithfear toradh inchánach na buanbhunaíochta **nó na bhfochuideachtaí** ábhartha a ríomh i gcomhréir leis na rialacha maidir le cánachas ceannoifige. Cuirfear é sin iúl laistigh de **1 mhí** ón bhfógra ón gCeannoifig maidir lena rogha chun rialacha maidir le cánachas ceannoifige a chur i bhfeidhm.

²⁰ Treoir...[IO: Cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin].

Leasú 76

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 14 – mír 1 – pointe 2
Treoir 2011/16/AE
Airteagal 8ae – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Cuirfidh údarás inniúil Bhallstát na buanbhunaíochta in iúl d'údarás inniúil Bhallstát na ceannoifige an ráta cánach is infheidhme chun dliteanas cánach **na buanbhunaíochta**/na mbuanbhunaíochtaí atá suite ar a chríoch a chinneadh, laistigh de 3 mhí ón bhfógra ó údarás inniúil Bhallstát na ceannoifige faoina chinneadh maidir le cur i bhfeidhm na rialacha maidir le cánachas ceannoifige.

Leasú 77

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 14 – mír 1 – pointe 2
Treoir 2011/16/AE
Airteagal 8ae – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Cuirfidh údarás inniúil Bhallstát na ceannoifige an fhaisnéis a shonraítear i mír 2 den Airteagal seo in iúl trí bhíthin malartú uathoibríoch faisnéise **d'údarás inniúil**/d'údarás inniúla **Bhallstát**/Bhallstáit **na buanbhunaíochta**/na mbuanbhunaíochtaí i gcomhréir leis na socruithe praiticiúla arna nglacadh de bhun Airteagal 21.

Leasú 78

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 14 – mír 1 – pointe 2
Treoir 2011/16/AE
Airteagal 8ae – mír 4 – pointe iii

Leasú

2. Cuirfidh údarás inniúil Bhallstát na buanbhunaíochta **nó na fochuideachta** in iúl d'údarás inniúil Bhallstát na ceannoifige an ráta cánach is infheidhme chun dliteanas cánach na mbuanbhunaíochtaí **nó na bhfochuideachtaí** atá suite ar a chríoch a chinneadh, laistigh de 2 mhí ón bhfógra ó údarás inniúil Bhallstát na ceannoifige faoina chinneadh maidir le cur i bhfeidhm na rialacha maidir le cánachas ceannoifige.

Leasú

3. Cuirfidh údarás inniúil Bhallstát na ceannoifige an fhaisnéis a shonraítear i mír 2 den Airteagal seo in iúl trí bhíthin malartú uathoibríoch faisnéise d'údarás inniúla Bhallstáit na mbuanbhunaíochtaí **nó na bhfochuideachtaí** i gcomhréir leis na socruithe praiticiúla arna nglacadh de bhun Airteagal 21.

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(iii) fógra faoi dhréachtmheasúnú cánach le haghaidh **na buanbhunaíochta**/na mbuanbhunaíochtaí ábhartha;

Leasú

(iii) fógra faoi dhréachtmheasúnú cánach le haghaidh na mbuanbhunaíochtaí **agus na bhfochuideachtaí** ábhartha;

Leasú 79

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 14 – mír 1 – pointe 2
Treoir 2011/16/AE
Airteagal 8ae – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

6. I gcás ina n-athbhreithníonn údarás cánach Bhallstát **na buanbhunaíochta**/na mbuanbhunaíochtaí fógra an dréachtmheasúnaithe cánach maidir le brabúis a shannadh don bhuanbhunaíocht i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos sa choinbhinsiún déthaobhach is infheidhme chun cánachas dúbailte idir na Ballstáit óstacha agus an Ballstát ceannoifige a sheachaint, tar éis dhiúltú an fhógra faoin dréachtmheasúnú cánach arna eisiúint ag an mBallstát ceannoifige, cuirfidh údarás inniúil Bhallstát **na buanbhunaíochta**/na mbuanbhunaíochtaí an fógra sin faoin dréachtmheasúnú cánach in iúl d'údarás inniúil Bhallstát na ceannoifige laistigh de 1 mhí amháin óna eisiúint, chun toradh inchánach na buanbhunaíochta a athríomh, measúnú cánach athbhreithnithe a eisiúint agus an cháin a bhailiú.

Leasú

6. I gcás ina n-athbhreithníonn údarás cánach Bhallstát na mbuanbhunaíochtaí **nó na bhfochuideachtaí** fógra an dréachtmheasúnaithe cánach maidir le brabúis a shannadh don bhuanbhunaíocht **nó don fochuideachta** i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos sa choinbhinsiún déthaobhach is infheidhme chun cánachas dúbailte idir na Ballstáit óstacha agus an Ballstát ceannoifige a sheachaint, tar éis dhiúltú an fhógra faoin dréachtmheasúnú cánach arna eisiúint ag an mBallstát ceannoifige, cuirfidh údarás inniúil Bhallstát na mbuanbhunaíochtaí **nó na bhfochuideachtaí** an fógra sin faoin dréachtmheasúnú cánach in iúl d'údarás inniúil Bhallstát na ceannoifige laistigh de 1 mhí amháin óna eisiúint, chun toradh inchánach na buanbhunaíochta **nó na fochuideachta** a athríomh, measúnú cánach athbhreithnithe a eisiúint agus an cháin a bhailiú.

Leasú 80

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 17 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir le gníomhartha tarmligthe a bheith glactha, maidir le haon agóid ina leith, agus maidir le cúlghairm na gcumhachtaí tarmligthe ag an gComhairle.

Leasú

Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir le gníomhartha tarmligthe **agus gníomhartha cur chun feidhme** a bheith glactha, maidir le haon agóid ina leith, agus maidir le cúlghairm na gcumhachtaí tarmligthe ag an gComhairle.

Leasú 81

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 18 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Ní choinneofar faisnéis, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a phróiseáiltear i gcomhréir leis an Treoir seo, ach chomh fada agus is gá chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach, go háirithe fíorú na gceanglas incháilitheachta agus cinneadh dhliteanas cánach na gcáiníocóirí, i gcomhréir le rialacha intíre gach rialaitheora sonraí maidir le reacht na dtréimhsí, **ach ní choinneofar i gcás ar bith níos faide ná 10 mbliana í.**

Leasú

2. Ní choinneofar faisnéis, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a phróiseáiltear i gcomhréir leis an Treoir seo, ach a fhad is **fíorghá** chun cuspóirí na Treorach (**an tréimhse choinneála'**) seo a bhaint amach, go háirithe fíorú na gceanglas incháilitheachta agus cinneadh dhliteanas cánach na gcáiníocóirí, i gcomhréir le rialacha intíre gach rialaitheora sonraí maidir le reacht na dtréimhsí. **Cuirfear tús leis an tréimhse choinneála nuair a phróiseáiltear sonraí pearsanta chun críocha na Treorach seo den chéad uair agus ní rachaidh sí, in aon chás, thar 7 mbliana.**

Leasú 82

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 19 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, déanfaidh an Coimisiún scrúdú agus meastóireacht ar a feidhmiú

Leasú

1. 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, déanfaidh an Coimisiún scrúdú agus meastóireacht ar a feidhmiú

agus tuairisceoidh sé do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle chuige sin. I gcás inarb iomchuí, beidh togra ag gabháil leis an tuarascáil chun an Treoir seo a leasú.

agus tuairisceoidh sé do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle chuige sin. ***Sa tuarascáil, scrúdóidh an Coimisiún, inter alia, ar cheart na rialacha maidir le cánachas ceannoifige a chur i bhfeidhm freisin maidir le fochuideachta amháin nó níos mó de chuid na FBManna.*** I gcás inarb iomchuí, beidh togra ag gabháil leis an tuarascáil chun an Treoir seo a leasú.

Leasú 83

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 19 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Déanfar measúnú sa tuarascáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo ar leathnú féideartha de raon feidhme an Treorach seo, go háirithe chuig cuideachtaí eile dá dtagraítear in Airteagal 3(5) agus (6) de Threoir 2013/34/AE, ar a leordhóthanáí atá na ceanglais incháilitheachta a leagtar síos in Airteagal 4 den Treoir seo i bhfianaise FBManna a bheith ag cloí leis na rialacha maidir le cánachas ceannoifige agus, go háirithe, a iomchuí atá an ceanglas a bhaineann le láimhdeachas comhpháirteach na mbuanbhunaíochtaí agus/nó na bhfochuideachtaí. Déanfar measúnú sa tuarascáil freisin ar a iomchuí atá na critéir a leagtar síos in Airteagal 10 den Treoir seo, eadhon FBManna a bhfuil níos mó ná 2 fhochuideachta acu a eisiamh, agus a leordhóthanáí atá eisiamh na ngníomhaíochtaí loingseoireachta a leagtar síos in Airteagal 5 den Treoir seo. Déanfar measúnú sa tuarascáil freisin ar cé acu an féidir nó nach féidir na nósanna imeachta a leagtar síos sa Treoir seo a chuíchóiriú tuilleadh chun costais chomhlíontachta a laghdú agus ar má tá ceachtanna le foghlaim ó chur i bhfeidhm na Treorach seo maidir le cánachas

corparáideach i gcoitinne, agus ar an gcaoi ar féidir an méid sin a dhéanamh.

Leasú 84

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 19 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis ábhartha in iúl don Choimisiún chun meastóireacht a dhéanamh ar an Treoir, i gcomhréir le mír 3, lena n-áirítear sonraí comhiomlánaithe maidir leis an líon FBManna incháilithe i gcomparáid le FBManna a rinne rogha gan a bheith páirteach, a gcostais ***láimhdeachais agus*** chomhlíontachta i gcoibhneas le láimhdeachas; sonraí maidir leis an líon FBManna a leathnaigh ***trasteorann*** trí bhuanbhunaíocht a bhunú agus an líon FBManna a dícháilíodh toisc gur chruthaigh siad ***fochuideachta***, nó na costais chomhlíontachta le haghaidh FBManna a chuireann an rogha i bhfeidhm.

Leasú 85

Togra le haghaidh Treorach Airteagal 19 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis ábhartha in iúl don Choimisiún chun meastóireacht a dhéanamh ar an Treoir, i gcomhréir le mír 3, lena n-áirítear sonraí comhiomlánaithe maidir leis an líon FBManna incháilithe i gcomparáid le FBManna a rinne rogha gan a bheith páirteach, ***a láimhdeachas agus*** a gcostais chomhlíontachta i gcoibhneas le láimhdeachas; sonraí maidir leis an líon FBManna a leathnaigh ***trasna teorainneacha*** trí bhuanbhunaíocht a bhunú agus an líon FBManna a dícháilíodh toisc gur chruthaigh siad ***níos mó ná 2 fochuideachta***, nó na costais chomhlíontachta le haghaidh FBManna a chuireann an rogha i bhfeidhm.

2a. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar bhacainní dlíthiúla a d'fhéadfadh a bheith ann agus an Treoir seo á cur i bhfeidhm, amháil an easpa sainmhíniú coiteann agus comhchuibhithe ar bhuanbhunaíochtaí agus fochuideachtaí san Aontas, agus caighdeáin idirnáisiúnta á gcur san áireamh.

Leasú 86

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 20 – mír 1 – fomhír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Na bearta is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 31. **12. 2025**. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

Leasú

Na bearta is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 31 **Nollaig 2024**. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

Leasú 87

**Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 20 – mír 1 – fomhír 2**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Cuirfidh siad na bearta sin i bhfeidhm ón 1. **1.2026**.

Leasú

Cuirfidh siad na bearta sin i bhfeidhm ón 1 **Eanáir 2025**.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Leis an Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena mbunaítear córas Cánach Ceannoifige do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus d'fhiontair mheánmhéide agus lena leasaítear Treoir 2011/16/AE, tionscnamh an chórais cánach ceannoifige, tugtar deis do na Ballstáit timpeallacht an ghnó sa Mhargadh Aonair a éascú. Mar chuid den Phacáiste Fóirithinte do FBManna, tá sé mar sprioc bhunúsach ag an togra seo simpliú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil agus riaracháin ina gcruthaíonn 24 mhiliúin FBM san Eoraip poist, fás agus rachmas.

Is ualach iomarcach é comhlíonadh cánach ar chuideachtaí, go háirithe ar Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna) a chaitheann thart ar 2.5% dá láimhdeachas ar nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le cáin. Is iad na cuideachtaí sin croílár gheilleagar na hEorpa, arb ionann é agus 99 % de ghnólachtaí an Aontais. Tá FBManna straitéiseach do phoist a chruthú, chun borradh a chur faoi iomaíochas ár ngeilleagair agus chun iomaíocht chothrom thrédhearcach a chur chun cinn laistigh dár Margadh Aonair.

Is iad príomhthosaíochtaí reachtaíocht an Aontais ba cheart a bheith ann ná ualaí iomarcacha a éascú, a shimpliú agus a laghdú, lena n-áirítear ualaí riaracháin agus cánach. Ní mór tionscnamh an chórais cánach ceannoifige a léirmhíniú i gcomhthéacs clár oibre reachtach níos leithne chun tacú le FBManna agus chun dul i ngleic leis an maorlathas. Leis an bpeirspictíocht sin, ní mór go mbeadh ualach níos lú ag baint le haon phíosa reachtaíochta nua agus go mbeadh rochtain níos fearr ar dheiseanna an Mhargaidh Aonair. Is mian linn go mbeidh rath ar ár FBManna ina margai náisiúnta, ach i Margadh Aonair lán-chomhtháite, ní mór dúinn na dálaí a ráthú d'aon chuideachta chun go bhfeidhmeoidh sí in aon cheann de 27 dlínse an Aontais gan aon bhacainn. Tá an sprioc sin á saothrú ag tionscnamh an chórais cánach ceannoifige agus is céim chun cinn sa treo sin é an togra ón gCoimisiún cheana féin.

Tuigeann an Rapóirtéir, cé go bhfuil cineál an nós imeachta reachtaigh (nós imeachta comhairliúcháin faoi Airteagal 115^oCFAE), go bhfuil ról tábhachtach ag Parlaimint na hEorpa maidir le hiarraidh ar an gComhairle tionscnamh an chórais cánach ceannoifige a ghlacadh go pras agus go héifeachtúil. Sin é an fáth a molann an rapóirtéir an spriocdháta do thrasú na Treorach seo a ghiorrú. Tá comhartha láidir tacaíochta ón Aontas ag teastáil ó ghnólachtaí na hEorpa i gcomhthéacs casta luaineach an lae inniu.

Tá sé beartaithe sa tuarascáil dul níos faide ná an togra agus an túsphointe maith a iompú ina ionstraim cheart a bheidh ag fónamh do FBManna Eorpacha. Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar le huaimhian an togra a mhéadú agus, ag an am céanna, indéantacht an chórais nua seo a choimirciú. Ar an gcéad dul síos, molann an Rapóirtéir na ceanglais incháilitheachta a theorannú chun an rochtain ar an gcóras a leathnú agus an raon feidhme a choinneáil ag an am céanna. Ar an dara dul síos, molann an Rapóirtéir an córas a athrú ó bhonn agus tréimhse éiginnte a ráthú chun na rialacha a chur i bhfeidhm, rud a fhágfaidh go mbeidh níos mó costas comhlíonta ag FBManna maidir le próisis athchóirithe. Ar an tríú dul síos, giorraíonn an Rapóirtéir na spriocdhátaí d'iarratais ó FBManna agus do na húdaráis náisiúnta chun faisnéis a mhalartú, rud a ráthaíonn córas iarratas níos tapúla agus níos éifeachtúla.

Is deis é tionscnamh an chórais cánach ceannoifige don Aontas Eorpach comhartha soiléir a thabhairt do FBManna Eorpacha agus ár Margadh Aonair a athdhearbhú mar áit ina bhfuil deiseanna do ghnólachtaí Eorpacha chun go mbeidh rath orthu agus chun cuidiú le poist a chruthú agus chun borradh a chur faoi iomaíochas ár margaidh.

IARSCRÍBHINN: NA HEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó ó na daoine a leanas in ullmhú na tuarascála, go dtí go nglacfar sa choiste í:

Eintiteas agus/nó an duine
European Commission – DG TAXUD
SME United
Business Europe
Accountancy Europe

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara.

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

Teideal	Córas Cánach Ceannoifige do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus d'fhiontair mheánmhéide a bhunú, agus lena leasaítear Treoir 2011/16/AE	
Tagairtí	COM(2023)0528 – C9-0340/2023 – 2023/0320(CNS)	
An dáta a rinneadh comhairliúchán leis an bParlaimint	13.11.2023	
An Coiste Freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ECON 11.12.2023	
Rapóirtéirí Dáta an cheapacháin	Lídia Pereira 19.9.2023	
Pléite sa choiste	4.12.2023	22.1.2024
Dáta an ghlacktha	22.2.2024	
Toradh na vótála críochnaithí	+: 30 –: 3 0: 0	
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Anna-Michelle Asimakopoulou, Gilles Boyer, Valentino Grant, Claude Gruffat, Eero Heinäluoma, Michiel Hoogeveen, Danuta Maria Hübner, Stasys Jakeliūnas, Othmar Karas, Georgios Kyrtos, Aurore Lalucq, Philippe Lamberts, Pedro Marques, Caroline Nagtegaal, Luděk Niedermayer, Lefteris Nikolaou-Alavanos, Piernicola Pedicini, Lídia Pereira, Sirpa Pietikäinen, Antonio Maria Rinaldi, Alfred Sant, Aušra Seibutyte, Paul Tang, Irene Tinagli	
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Andzelika Anna Mozdżanowska, René Repasi, Eleni Stavrou	
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	João Albuquerque, Jordi Cañas, Deirdre Clune, Bernard Guetta, Nacho Sánchez Amor, Michal Wiezik	
Dáta don chur síos	28.2.2024	

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

30	+
ID	Valentino Grant, Antonio Maria Rinaldi
PPE	Anna-Michelle Asimakopoulou, Deirdre Clune, Danuta Maria Hübner, Othmar Karas, Luděk Niedermayer, Lídia Pereira, Sirpa Pietikäinen, Aušra Seibutytė, Eleni Stavrou
Renew	Gilles Boyer, Jordi Cañas, Bernard Guetta, Georgios Kyrtzos, Caroline Nagtegaal, Michal Wiezik
S&D	João Albuquerque, Eero Heinäluoma, Aurore Lalucq, Pedro Marques, René Repasi, Nacho Sánchez Amor, Alfred Sant, Paul Tang, Irene Tinagli
Verts/ALE	Claude Gruffat, Stasys Jakeliūnas, Philippe Lamberts, Piernicola Pedicini

3	-
ECR	Michiel Hoogeveen, Andżelika Anna Mozdżanowska
NI	Lefteris Nikolaou-Alavanos

0	0

Eochair:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh